Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 1 Iúil 2025
(OR. en)

10528/25

**Comhad Idirinstitiúideach:
2025/0174(NLE)**

**ECOFIN 841
UEM 331
FIN 722
*ECB*
*EIB***

**GNÍOMHARTHA REACHTACHA AGUS IONSTRAIMÍ EILE**

| | |
|---|---|
| Ábhar: | CINNEADH CUR CHUN FEIDHME ÓN gCOMHAIRLE lena leasaítear Cinneadh Cur Chun Feidhme an 8 Meán Fómhair 2021 maidir le formheas an mheasúnaithe ar phlean téarnaimh agus athléimneachta na hÉireann |

**CINNEADH CUR CHUN FEIDHME ÓN gCOMHAIRLE**

**an …**

**lena leasaítear Cinneadh Cur Chun Feidhme an 8 Meán Fómhair 2021 maidir le formheas an mheasúnaithe ar phlean téarnaimh agus athléimneachta na hÉireann**

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2021/241 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 12 Feabhra 2021 lena mbunaítear an tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta[1], agus go háirithe Airteagal 20(1) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

[1] IO L 57, 18.2.2021, lch. 17, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2021/241/oj.

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Tar éis d'Éirinn an plean náisiúnta téarnaimh agus athléimneachta a thíolacadh an 28 Bealtaine 2021, mhol an Coimisiún a mheasúnú dearfach don Chomhairle. An 8 Meán Fómhair 2021, d'fhormheas an Chomhairle an measúnú dearfach trí bhíthin chinneadh cur chun feidhme ('Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle an 8 Meán Fómhair 2021')[2]. Leasaíodh Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle an 8 Meán Fómhair le cinntí cur chun feidhme ón gComhairle an 14 Iúil 2023[3], an 8 Nollaig 2023[4], an 21 Meitheamh 2024[5] agus an 11 Márta 2025[6].

(2) An 23 Bealtaine 2025, rinne Éire iarraidh réasúnaithe ar an gCoimisiún togra a dhéanamh chun Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle an 8 Meán Fómhair 2021 a leasú i gcomhréir le hAirteagal 21(1) de Rialachán (AE) 2021/241 ós rud é nach féidir an plean téarnaimh agus athléimneachta a bhaint amach go páirteach a thuilleadh de bharr imthosca oibiachtúla. Ar an mbonn sin, tá plean téarnaimh agus athléimneachta leasaithe curtha isteach ag Éirinn.

***Leasuithe bunaithe ar Airteagal 21 de Rialachán (AE) 2021/241***

(3) Na leasuithe ar an bplean téarnaimh agus athléimneachta a chuir Éire isteach de bharr imthosca oibiachtúla, baineann siad le cúig bheart.

---

2 Féach doiciméid ST 11046/21 agus ST 11046/21 ADD 1 ag http://register.consilium.europa.eu.
3 Féach doiciméad ST 11336/23 ag http://register.consilium.europa.eu.
4 Féach doiciméid ST 15965/23 agus ST 15965/23 ADD 1 ag http://register.consilium.europa.eu.
5 Féach doiciméid ST 10262/24 , ST 10262/24 ADD 1 agus ST 10262/24 ADD 1 COR 1 ag http://register.consilium.europa.eu.
6 Féach doiciméid ST 6318/25 agus ST 6318/25 ADD 1 ag http://register.consilium.europa.eu.

(4) Mhínigh Éire go ndearnadh cúig bheart a leasú chun rogha mhalartach níos fearr a chur chun feidhme lenar féidir an t-ualach riaracháin a laghdú agus cuspóirí na mbeart sin á mbaint amach go fóill an tráth céanna. Baineann an méid sin le: spriocanna 34 agus 35 de bheart 1.6 (Athshlánú feabhsaithe ar thailte portaigh) agus sprioc 40 de bheart 1.7 (Plean bainistithe abhantraí – Clár uaillmhéine feabhsaithe) faoi chomhchuid 1 (An tAistriú Glas a Chur Chun Cinn); sprioc 66 de bheart 2.5 (Teicneolaíochtaí 5G a úsáid chun Éire níos glaise agus níos nuálaí a chur chun cinn) faoi chomhchuid 2 (Dlús a chur le hAthchóirithe Digiteacha agus Aistriú Digiteach agus iad a Leathnú); agus spriocanna 86 agus 87 de bheart 3.3 (Ciste um Aistriú Ollscoileanna Teicneolaíochta) agus sprioc 107 de bheart 3.9 (Sláinte) faoi chomhchuid 3 (Téarnamh Sóisialta agus Eacnamaíoch agus Cruthú Post). Ar an mbonn sin, d'iarr Éire go leasófaí na spriocanna thuasluaite. Ina theannta sin, d'iarr Éire go mbainfí sprioc 66 de bheart 2.5 (Teicneolaíochtaí 5G a úsáid chun Éire níos glaise agus níos nuálaí a chur chun cinn) agus go leasófaí an tuairisc ar bheart 1.6 (Athshlánú feabhsaithe ar thailte portaigh) agus beart 3.9 (Sláinte). Ba cheart Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle an 8 Meán Fómhair 2021 a leasú dá réir.

(5) Measann an Coimisiún, leis na cúiseanna arna gcur chun cinn ag Éire, go bhfuil údar maith leis na leasuithe de bhun Airteagal 21(2) de Rialachán (AE) 2021/241.Ba cheart Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle an 8 Meán Fómhair 2021 a leasú dá réir.

*Dáileadh cloch míle agus spriocanna*

(6) Ba cheart dáileadh na gcloch míle agus na spriocanna i dtráthchodanna a leasú chun na leasuithe ar an bplean téarnaimh agus athléimneachta agus an amlíne tháscach a chuir Éire i láthair a chur san áireamh.

*Measúnú an Choimisiúin*

(7) Rinne an Coimisiún measúnú ar an bplean téarnaimh agus athléimneachta leasaithe i gcomparáid leis na critéir mheasúnaithe a leagtar síos in Airteagal 19(3) de Rialachán (AE) 2021/241.

(8) Measann an Coimisiún nach ndéanann na leasuithe a chuir Éire chun cinn difear don mheasúnú dearfach ar an bplean téarnaimh agus athléimneachta a leagtar amach i gCinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle an 8 Meán Fómhair 2021 i ndáil le hábharthacht, éifeachtacht, éifeachtúlacht agus comhleanúnachas an phlean i gcomparáid leis na critéir mheasúnaithe a leagtar síos in Airteagal 19(3) de Rialacháin (AE) 2021/241.

*Measúnú dearfach*

(9) Tar éis an mheasúnaithe dhearfaigh ón gCoimisiún ar an bplean téarnaimh agus athléimneachta leasaithe, agus an toradh a bhí air, mar atá, go comhlíonann an plean téarnaimh agus athléimneachta go sásúil na critéir mheasúnaithe a leagtar amach i Rialachán (AE) 2021/241, i gcomhréir le hAirteagal 20(2) den Rialachán sin agus le hIarscríbhinn V a ghabhann leis, ba cheart na hathchóirithe agus na tionscadail infheistíochta is gá chun an plean téarnaimh agus athléimneachta leasaithe a chur chun feidhme a leagan amach, iad sin agus na clocha míle, spriocanna agus táscairí ábhartha, agus an méid a chuirtear ar fáil ón Aontas i bhfoirm tacaíocht airgeadais neamh-iníoctha le haghaidh chur chun feidhme an phlean téarnaimh agus athléimneachta leasaithe.

*Ranníocaíocht airgeadais*

(10) Is é EUR 1 163 158 300 costas iomlán measta phlean téarnaimh agus athléimneachta leasaithe na hÉireann. Ós rud é go bhfuil méid chostas iomlán measta an phlean téarnaimh agus athléimneachta leasaithe níos airde ná an ranníocaíocht uasta airgeadais nuashonraithe atá ar fáil d'Éirinn, maidir leis an ranníocaíocht airgeadais iomlán arna suí i gcomhréir le hAirteagal 20(4) arna leithdháileadh ar phlean téarnaimh agus athléimneachta leasaithe na hÉireann, ba cheart gurb é EUR 1 153 797 007 an ranníocaíocht sin. Dá bhrí sin, níl aon athrú ar an ranníocaíocht airgeadais a cuireadh ar fáil d'Éirinn.

(11) Dá bhrí sin, ba cheart Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle an 8 Meán Fómhair 2021 a leasú dá réir. Ar mhaithe le soiléireacht, ba cheart an Iarscríbhinn a ghabhann le Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle an 8 Meán Fómhair 2021 a ionadú go hiomlán,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Leasaítear Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle an 8 Meán Fómhair 2021 maidir le formheas an mheasúnaithe ar phlean téarnaimh agus athléimneachta na hÉireann mar a leanas:

(1) cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 1:

'*Airteagal 1*
*Formheas an mheasúnaithe ar an bplean téarnaimh agus athléimneachta*

Formheastar an measúnú ar phlean téarnaimh agus athléimneachta leasaithe na hÉireann ar bhonn na gcritéar dá bhforáiltear in Airteagal 19(3) de Rialachán (AE) 2021/241. Leagtar amach san Iarscríbhinn a ghabhann leis an gCinneadh seo na hathchóirithe agus na tionscadail infheistíochta faoin bplean téarnaimh agus athléimneachta, na socruithe agus an t-amchlár i ndáil le faireachán a dhéanamh ar an bplean téarnaimh agus athléimneachta agus é a chur chun feidhme, lena n-áirítear na clocha míle agus na spriocanna ábhartha, na táscairí ábhartha a bhaineann le comhlíonadh na gcloch míle agus na spriocanna beartaithe, agus na socruithe chun rochtain iomlán ar na bunsonraí ábhartha a sholáthar don Choimisiún.';

(2) cuirtear an téacs a leagtar amach san Iarscríbhinn a ghabhann leis an gCinneadh seo in ionad na hIarscríbhinne.

*Airteagal 2*

Dírítear an Cinneadh seo chuig Éirinn.

Arna dhéanamh in/sa …, ...

*Thar ceann na Comhairle*

*An tUachtarán*